

Snáithe: Cluichí

Leibhéal Ranga: Ranganna 5 & 6

Ceacht: 14 Peil

## Ionad:

Clós na Scoile/Halla/Páirc  
Imeartha

## Trealamh:

Cóin & liathróidí peile,

Ceacht  
**14**  
Peil

**Snáithaonad:** Seachadadh, glacadh agus gluaiseacht

**Spriocanna Curaclaim:** Daltaí ag cleachtadh scileanna a d'fhoghlaim siad roimhe seo Breis forbartha agus cur le scileanna ciceála

Breis forbartha agus cur le scileanna láimhseála na liathróide

- Buille ó chos go lámh agus an dalta ag siúl nó ag bogshodar
- Cilceáil na liathróide óna lámha agus an dalta ag glacadh céimeanna – lasc cic
- Lasc ciceáil i dtreo targaide

**Snáithaonad:** Cruthú agus imirt cluichí

**Spriocanna Curaclaim:**

Cruthú agus Forbairt ar chluichí ina mbeirteanna  
- Cluichí idir grúpaí beaga , 5v5 Cluiche Coiníollaithe

**Snáithaonad:** Tuiscint agus Léirthuisint ar Chluichí

**Spriocanna Curaclaim:**

Comhrá & feabhas ar scileanna smachta gluaiseachta a bhaineann le cluichí Forbairt ar thuiscint na ndaltaí maidir le úsáid spáis i mioncluichí

Forbairt ar thuiscint na ndaltaí ar na taicicéil agus ar na stráitéisí a bhaineann le mioncluichí

Daltaí ag dul i gcleachtadh rialacha a athrú do mhioncluichí agus cuntas a choineáil ar an scór

Go nglacfadh na daltaí le deiseanna a bheith páirteach i gcluichí ina bpobal féin

**Nascáil:**

Gleacaíocht–Snáithaonad: Gluaiseacht (Cothromaíocht)

Lúthchleasaíocht – Snáithaonad – Rith, léim & Caitheamh

Ceap do Phleananna Ceachta Féin



**GAA**  
Learning



Tuilleadh eolais [www.learning.gaa.ie/planner/primary](http://www.learning.gaa.ie/planner/primary)

## Tagairtí:

**Curaclam na mBunscoileanna**  
Corpoideachas (1999)  
Treoirínite do Mhúinteoirí  
Corpoideachais (1999)

**Tionscnamh Spóirt na**  
**mBunscoileanna**

<http://www.pdds.ie/pcsparchive/pe/psi.clickme.html>

**Fun Do GAA Learning Resource**  
**Pack (2007)**





### Snáithe: Cluichí Eagrú

- Liathróid ag gach dalta nó liathróid idir beirt



### Eagrú

- Roinn an rang ina ngrúpaí, cúigear i ngach grúpa
- Marcáil achar 10m ag úsáid na gcón
- Déanadh na daltaí líne laistiar de cheann de na cón
- Liathróid amháin ag gach grúpa



### Leibhéal Ranga: Ranganna 5 & 6 Gníomh 1 - Ón gCos go Lámh

- Agus an dalta ina s(h)easamh, scaoiltear leis an liathróid chuig an gcos chiceála atá sínte amach chun smitín ar ais go dtí na lámha a thabhairt don liathróid
- Déan cleachtadh leis an gcos dheas agus leis an gcos chlé




### Pointí Teagaisc

- Lig leis an liathróid óna lámha ar thaobh na ciceála
- Sínte amach an chos agus ciceáil an liathróid le barr na coise – ardaigh na ladhracha

### Gníomh 2 - Ón gCos go Lámh, Cas & Pasáil

- Ar a seal, tugann gach dalta buillí ón gcos go lámh timpeall ar an gcón is faide uathu agus ar ais agus tugann pas láimhe don chéad imreoir eile ar fhilleadh dóibh
- Lean leis an ngíomh ar feadh achair áirithe



### Pointí Teagaisc

- Iarr ar na daltaí buille ón gcos go lámh a dhéanamh leis an gcos neamhcheannasach

## Snáithe: Cluichí

## Eagrú

- Liathróid ag gach dalta nó liathróid idir beirt
- Leag amach cúrsa leis na cóin nó le bacanna agus leag amach targaide nó cúl



## Eagrú

- Leis na cóin, leag amach cúl a bheidh 5m óna chéile
- Roinn na daltaí ina mbeirteanna
- Liathróid amháin ag gach beirt



## Leibhéal Ranga: Ranganna 5 &amp; 6

## Gníomh 3 – Ón gCos go Lámh &amp; buail

- Ar a seal, timpeallaíonn na daltaí na cóin agus iad ag bualadh na liathróide ón gcos go lámh agus ansin, ó mharc atá leagtha amach, tugann siad lasc cic don liathróid i dtreo na targaide



## Pointí Teagaisc


- Lig leis an liathróid óna lámha ar thaobh na ciceála
- Síin amach an lámh an an taobh neamhcheannasach ar mhaithe le cothromaíocht
- Ceann fút, súile ar an liathróid
- Díriú na ladhair agus lean leis an cic i dtreo na targaide

**C** Cén fáth gur gá an gníomh seo a chleachtadh i dtreoanna éagsúla?

## Gníomh 4 – Ó Chúl go Cúl

- a) 1v1**
- Ar a seal tugann gach dalta iarracht cúl a scóráil ar a pháirtí
  - Ceadaigh pointe amháin do gach cúl a scóráiltear leis an gcos cheannasach agus dhá phointe ar gach cúl a scóráiltear leis an gcos neamhcheannasach

- b) 3v3**
- Bíodh 3 in aghaidh 3 ar na foirne



## Pointí Teagaisc

- De réir mar atá na daltaí ag dul i bhfeabhas, cuir leis an achar atá eatarthu.
- C** Cén fáth nach n-eagrófaí an gníomh seo sa chaoi agus go n-imreodh na buaiteoirí a chéile?

## Snáithe: Cluichí

## Eagrú

- Roinn na daltaí ina ngrúpaí, ceathrar i ngach grúpa
- Marcáil greille ina bhfuil 3 zón ar leith
- Mar tús, bíodh cosantóir amháin sa zón láir, rud a fhágfaidh cluiche 3 v 1



## Eagrú


- Marcáil limistéar imeartha 20mx40m
- Leag dhá mharc na cúl-líne mar chúil
- Roinn na daltaí go cothrom 5v5



## Leibhéal Ranga: Ranganna 5 &amp; 6

## Forbairt – Ionróirí Spáis

- An aidhm atá leis an ngíomh seo an liathróid a bhogadh tríd an zón láir
- Is é/í an dalta ag a bhfuil seilbh na liathróide a shocróidh cén treo a ghlacfar agus cén uair ba chóis pasáil sa chaoi agus nach ngoidfidh an cosantóir an liathróid
- Ní mór don ghlacadóir a bheith in áit oiriúnach chun glacadh le pas i.e le taobh an chosantóra, amach roimhe/roimpi nó laistiar dó/di




## Forbairt – Cluiche Mionpheile

- Cúil a scóráil in aghaidh na foirne eile is bun agus is barr leis an gcluiche seo

## Rialacha

- Preab amháin, buille amháin ón gcós go lámh
- Pas doirn ceadaithe
- Ciceáil ceadaithe



## Pointí Teagaisc

- Spreag iad siúd nach bhfuil i seilbh na liathróide a bheith ag bogadh chun go gcruthófaí deis pasála don phasálaí

## Le Plé ag Daltaí:

- Bogadh isteach sa spás chun glacadh
- An uair is oiriúnaí chun pasála agus chun glactha

## Pointí Teagaisc

- C Nuair a théann an liathróid as an imirt, conas a ath-tosaítear?
- C An bhfuil taicléáil ceadaithe?
- C Cad is brí le imreoir 'a mharcáil'?
- C Conas is féidir a chinntiú nach mbeidh imreoirí i mullach a chéile?
- C Cén pionós ba chóir a ghearradh orthu siúd a dhéanann brú nó tarraingt ar chéile comhraic?

